

Stiúrthóir Cúnta

Conradh Sainchuspóra

Grád Phríomhoifigigh Cúnta

An Rannóg Imscrúduithe & Maoirseachta Ardáin

Pacáiste Faisnéise Iarratasóra



A Iarratasóir, a chara,

Go raibh maith agat as do spéis a léiriú i ról an Stiúrthóra Cúnta, Maoirseacht Ardáin (Conradh Sainchuspóra).

Agus tú ag obair i gCoimisiún na Meán, cabhróidh tú le tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chruthú, a oibríonn do dhaoine in Éirinn agus ar fud an AE.

Cabhróidh tú linn tírdhreach na meán a rialáil, a thacú agus a fhorbairt. Cabhróidh tú le cearta bunúsacha gach duine a chosaint agus a chinntiú go leanfaimid de bheith ag maireachtáil i sochaí dhaonlathach oscailte.

Tá ár n-eagraíocht ag fás go tapa. D'fhás muid ó 40 duine go 300 inár gcéad trí bliana. Tagann ár ndaoine ó raon leathan cúlraí: na hearnálacha ar líne agus na meán, an tsochaí shibhialta, an tseirbhís phoiblí, an saol acadúil agus gairm an dlí. Táimid bródúil as na deiseanna a thugaimid d'fhás gairmiúil. Táimid tiomanta d'fhórsa saothair a bheith againn a léiríonn éagsúlacht na sochaí ar a bhfreastalaímid.

Tá lúcháir orainn a bheith ag earcú do Stiúrthóir Cúnta i Maoirseacht Ardán. Cuirfidh an ról seo le seachadadh na straitéise a ghlacamar níos luaithe i mbliana. Leanfaidh sé ar aghaidh ag cur lenár spriocanna chun a chinntiú go mbeidh tírdhreach na meán cumarsáide in ann:

- seasamh le cearta, folláine agus forbairt leanaí
- tacú leis an daonlathas agus le luachanna daonlathacha
- bheith mar cheann a bhfuil muinín ag tomhaltóirí as ionas go gcosnófar iad ó dhúshaothrú agus ó chalaíoch
- cultúr na hÉireann agus cé muid féin mar shochaí a léiriú agus a mhúnlú
- luachanna an cheartais, an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe a chur chun cinn
- sláinte agus sábháilteacht an phobail a neartú

Má chreideann tú go bhfuil an deis seo ag teacht le do chuid scileanna agus má thugann sé deis fás go gairmiúil, bheimis ar bís cloisteáil uait agus spreagfainn duit iarratas a dhéanamh.

Is mise le meas

Jeremy Godfrey, Cathaoirleach Feidhmiúcháin



Clé go Deas: Rónán Ó Domhnaill, Niamh Hodnett, Jeremy Godfrey, Aoife MacEivilly, John Evans

Ár bhFís agus ár Misean



Is í an fhís atá againn ná tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chinntiú.




Déanaimid tírdhreach na meán a rialáil, a thacú agus a fhorbairt atá mar bhonn agus mar thaca ag cearta bunúsacha agus a chothaíonn sochaí oscailte, dhaonlathach agus iolraíoch.

Ár Réimsí Torthaí Straitéiseacha



Ár Luachanna



Eolas Faoin Ról Seo

Cuspóir an Róil

Soláthraíonn an ról seo cumhdach saoire do phost reatha mar Stiúrthóir Cúnta, ag cinntiú leanúnachas i seachadadh feidhmeanna rialála Coimisiún na Meán. Tacóidh an sealbhóir poist le hobair an Choimisiúin trí oibríochtaí eintiteas rialáilte a thuiscint, fmonatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí rialála, saincheisteanna a réiteach nuair is féidir ar bhonn deonach, agus gníomh foirmiúil comhlíonta a dhéanamh nuair is gá. Is éard atá i gceist leis an ról freisin rannchuidiú le straitéisí rannpháirtíochta idirnáisiúnta a fhorbairt maidir le saincheisteanna rialála atá ag teacht chun cinn chun tacú le tosaíochtaí beartais straitéiseacha an Choimisiúin.

Maidir leis an Rannóg

Is í príomhfheidhm na Rannóige Maoirseachta agus Imscrúduithe Ardáin ná maoirseacht a dhéanamh ar sheirbhísí digiteacha in Éirinn agus an tAcht um Sheirbhísí Digiteacha (“DSA”), Rialachán Ábhar Sceimhlitheoireachta ar Líne agus Cód Sábháilteachta Ar Líne a fhorfheidhmiú. Tá sé comhdhéanta de cheithre fhoireann Maoirseachta, foireann Imscrúduithe agus foireann Oibríochtaí Rialála a chuidíonn le straitéis rialála a chinneadh. Suíonn an fhoireann Gearán Úsáideora sa rannán seo freisin agus tá sí freagrach as gearáin a fháil i gcoinne soláthraithe seirbhíse mar gheall ar shárúithe líomhnaithe ar an DSA.

Is é misean an rannóg Maoirseachta agus Imscrúduithe Ardáin ná seirbhísí agus oibríochtaí na n-eagraíochtaí a rialaíonn Coimisiún na Meán a thuiscint, agus eintitis rialaithe a choinneáil cuntasach. Áirítear leis sin monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí rialála, saincheisteanna a réiteach go deonach nuair is cuí, gearáin ó úsáideoirí a láimhseáil agus gníomh comhlíonta foirmiúil a dhéanamh nuair is gá.

Príomhfhreagrachtaí

- Tacú leis an Stiúrthóir Maoirseachta Ardán chun sruthanna oibre oibríochtúla agus straitéiseacha a bhainistiú.
- Anailís a dhéanamh ar oibleagáidí doiciméadachta seirbhíse faoi réimsí reachtacha lena n-áirítear DSA (An tAcht um Sheirbhísí Digiteacha), OSC (Cód Sábháilteachta Ar Líne) agus TCOR (Rialachán Ábhar Sceimhlitheoireachta Ar Líne) agus tuarascálacha a sheachadadh.
- Bainistíocht páirtithe leasmhara a threorú agus tacaíocht a thabhairt do phríomhchláir oibríochtúla agus straitéiseacha, lena n-áirítear comhoibriú uile-Eorpach DSC agus an Choimisiúin Eorpaigh.
- Acmhainn le haghaidh feidhmeanna tionscadail agus gnó mar is gnách i réimsí sannta a phleanáil.



Coimisiún
na Meán

Príomhfhreagrachtaí (Ar Lean)

- Bailiú sonraí, sainaitheantú agus catagóiriú eintiteas rialáilte a bhainistiú
- Measúnuithe Comhlíonta Maoirseachta a threorú.
- Maoirseacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí bainistíochta taifead, i gcomhar le foirne inmheánacha
- Tuarascálacha agus cur i láthair a ghiniúint do luchtanna féachana inmheánacha agus seachtracha.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht agus moltaí a chur ar fáil chun cóid agus rialacha a aistriú go próisis phraiticiúla.
- Próisis rialála-tiomáinte a fhorbairt agus feabhsuithe a mholadh.
- Foirne BAU nó tionscadail-bhunaithe a threorú, lena n-áirítear foireann ardfeidhmíochta a bhainistiú, fhostú agus a fhorbairt.
- Meantóireacht agus cóitseáil a dhéanamh ar bhaill foirne chun tacú lena bhfás gairmiúil.

Tá an méid thuas beartaithe mar threoir ar raon ginearálta na ndualgas agus tá sé beartaithe nach mbeidh sé cinntitheach ná sriantach agus tá sé faoi réir athbhreithnithe.

Eolas Fút

Taithí, Scileanna, Eolas & Cáilíochtaí

Critéir Riachtanacha

- Taithí oibre ábhartha 5 bliana ar a laghad, lena n-áirítear 2 bhliain ar a laghad de thaithí bainistíochta líne.
- Taithí in earnáil na teicneolaíochta nó ag obair do ghníomhaireacht/chomhlacht rialála.
- Sárscileanna pleanála agus eagrúcháin, leis an cumas tosaíocht a thabhairt go héifeachtach agus ualach oibre suntasach agus éagsúil a bhainistiú.
- Scileanna láidre idirphearsanta, leis an gcumas caidrimh a thógáil le páirtithe leasmhara éagsúla agus scileanna idirbheartaíochta agus tionchair a léiriú.
- Cumas oibriú as a stuaim féin agus i gcomhar le chéile laistigh d'fhoirne tionscadail.
- Sárscileanna cumarsáide scríofa thar bhformáidí éagsúla, lena n-áirítear cur i láthair, doiciméid bheartais, comhfheagrais, agus tuarascálacha.
- Taithí ar anailís a dhéanamh ar thacair shonraí mhóra, ar bheartais nó ar reachtaíocht agus ar aschuir achoimre shoiléire a tháirgeadh do lucht féachana éagsúil.

Critéir Inmhianaithe

- Cáilíochtaí dlíthiúla nó paraidhlíthiúla
- Taithí le huirlisí CRM agus próisis idirghníomhaíochta custaiméirí
- Taithí ar bhainistiú bunachar sonraí
- Taithí ar fhiosrú agus anailís sonraí ag baint úsáide as SQL, Python etc.
- Cáilíocht/céim aitheanta Leibhéal 7 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí i ndisciplín ábhartha.
- Cáilíocht/céim aitheanta Leibhéal 7 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí i ndisciplín ábhartha.



Príomhfhaisnéis

Sochair, Pacáiste & Pá

- Tairgtear an post seo ar bhonn conartha sainchuspóra.
- Lánaimseartha, 35 uair in aghaidh na seachtaine
- Saoire Bhliantúil: 30 lá in aghaidh na bliana
- Ról hibrideach a bheidh sa ról ina mbeidh meascán d'obair sa bhaile agus san oifig. Is é ár mbeartas hibrideach reatha 2 lá san oifig.
- Tá ár n-oifig lonnaithe ag a hAon Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20.
- Féach ár suíomh gréasáin [anseo](#) le haghaidh liosta iomlán sochar
- Tá an post seo grádaithe ar [scála](#) Phríomhoifigigh Cúnta .
- Ceapfar iarrthóirí a n-éireoidh leo iarrthóirí a n-éireoidh leo ar an gcéad pointe den scála.

Próiseas Iarratais

Má tá suim agat iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, cuir na nithe seo a leanas isteach:

- CV (2 leathanach ar a mhéad) agus litir chlúdaigh/ráiteas pearsanta (1 leathanach ar a mhéad) ina leagtar amach cén fáth a gcreideann tú go gcomhlíonann do scileanna, taithí agus luachanna riachtanais an phoist trí [ANSEO](#)
- Tá ceapachán ar an ról seo faoi réir incháilitheacht an iarrthóra chun oibriú in Éirinn. Éilíonn gach post ar iarrthóirí cónaí i bPoblacht na hÉireann nó i dTuaisceart Éireann.
- Déanfar iarrthóirí a théann i mbun canbhasála a dhícháiliú agus a eisiamh ón bpróiseas

Ní bhreithneofar iarratais dhéanacha nó iarratais nach bhfuarthas tríd an gcainéal ceart, mar a léirítear thuas.

Le haghaidh ceisteanna a bhaineann leis an bpróiseas iarratais nó roghnúcháin a bhaineann leis an ról seo, déan teagmháil le do thoil le cnam@cpl.ie. Déan athbhreithniú le do thoil ar ár [Ráiteas Príobháideachais/Ráiteas Príobháideachais - Coimisiún na Meán](#) roimh iarratas a dhéanamh.

Inniúlachtaí

Féach liosta na n-inniúlachtaí thíos a mheasúnófar ag céim an agallaimh don chomórtas seo. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na hinniúlachtaí, téigh chuig ár [gceisteanna coitianta](#).

Ceannaireacht

Breithiúnas, Anailís agus cinnteoireacht

Bainistíocht agus Baint Amach Torthaí

Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide

Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt

Treallús & Tiomantas do Luachanna & Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí



Muinín



Iarmhairt



Misneach



Neamhspleáchas



Dírthe ar dhaoine



Ionracas

An Próiseas Roghnúcháin

Áireofar sa phróiseas roghnúcháin:

Iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil ina n-iarratas, arna measúnú in aghaidh na gcrítéar sonraithe don ról.

- Réamhagallamh bunaithe ar inniúlacht
- Agallamh dara babhta d'iarrthóirí ar éirigh leo sa chéad bhabhta, lena n-áireofar cur i láthair nó cleachtadh praiticiúil eile

Beidh an chéad agallamh ar siúl trí MS Teams. Déanfar an dara hagallamh go pearsanta inár n-oifig i mBaile Átha Cliath.

Socruithe Réasúnta

Cuirfear socruithe réasúnta ar fáil, más gá, le linn an phróisis earcaíochta. Chun socruithe réasúnta faoi rún a phlé agus a iarraidh téigh i dteagmháil le Angeline McKiernan ag amckiernan@cnam.ie

Is fostóir comhdheiseanna é Coimisiún na Meán. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil cúlraí éagsúla acu agus táimid tiomanta d'fhórsa saothair cuimsitheach agus éagsúil a chur chun cinn a léiríonn Éire na linne seo. Oibrímid chun cultúr a chruthú ina bhfuil rochtain chomhionann ag gach duine ar dheiseanna agus ina mbraitheann siad compordach iad féin a chur i láthair go dílis ag an obair.

Dáta Deiridh: 3in 21 Aibreán

